6. Maidir leis an bhforáil in Airteagal 4(6) den Datenschutzgesetz ("Dlí um Chosaint Sonraí"), lena bhforáiltear "nach ann, i bprionsabal, do cheart rochtana an ábhair sonraí i gcomhréir le hAirteagal 15 de RGCS i leith an rialaitheora, beag beann ar theorainneacha eile dá bhforáiltear, i gcás ina gcuirfí rún trádála nó gnó de chuid an rialaitheora nó tríú páirtí i gcontúirt dá gcuirfí an fhaisnéis in iúl", an bhfuil an fhoráil sin i gcomhréir leis na ceanglais in Airteagal 15(1) i gcomhar le hAirteagal 22(3) de RGCS? Más freagra dearfach a thabharfar ar an gceist sin, cad iad na coinníollacha a bhaineann le comhréireacht den sórt sin?

---

([1]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1).

([2]) Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le fios gnó agus faisnéis neamhnochta (rúin trádála) a chosaint i gcoinne iad a fháil, a úsáid agus a nochtadh go neamhdhleathach (IO 2016 L 157, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale ordinario di Bologna (an Iodáil) a taisceadh an 24 Márta 2022 – OV v Ministero Interno – Unità Dublino**

**(Cás C-217/22)**

(2022/C 222/31)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunale ordinario di Bologna

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* OV

*Cosantóir:* Ministero Interno – Unità Dublino

**An cheist a tharchuirtear:**

1. An gá Airteagail 4 agus 5 de Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 ([1]), go háirithe i bhfianaise an chirt chun leighis éifeachtaigh a leagtar síos in Airteagal 27 den Rialachán sin, a léirmhíniú amhail is go bhfuil an t-iarratasóir, a rinne agóid roimh chúirteanna an Stáit *iarrthaigh* in gcoinne an chinnidh aistrithe a ghlac Aonad Bhaile Átha Cliath an Stáit sin i gcomhthéacs nós imeachta um ghabháil ar ais faoi Airteagal 18(1)(b), i dteideal agairt a dhéanamh i leith shárú an Stáit *iarrthaigh* ar dhualgas faisnéise a sholáthar a leagtar síos in Airteagal 4 nó ar an oibleagáid i leith agallamh pearsanta a eagrú faoi Airteagal 5 den Rialachán sin, agus más freagra dearfach an freagra a tabharfar, cé chomh ábharthach is atá an sárú sin?

---

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (IO 2013 L 180 lch. 31)

---

**Achomharc arna thabhairt an 5 Aibreán 2022 ag an gCoimisiún Eorpach i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Ceathrú Dlísheomra, Comhdhéanamh Leathnaithe) a tugadh an 26 Eanáir 2022 i gCás T-286/09 RENV, Intel Corporation v an Coimisiún**

**(Cás C-240/22 P)**

(2022/C 222/32)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: F. Castillo de la Torre, N. Khan, M. Kellerbauer agus C. Sjödin, Gníomhairí)